2025/1165

16.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1165 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meitheamh 2025

lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le bheith sa doiciméad um thaisteal le peataí agus sa dearbhú maidir le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí áirithe earraí miondíola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí áirithe a oibrítear chun críocha talmhaíochta nó foraoiseachta, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1231 leagtar síos rialacha sonracha a bhaineann, *inter alia*, le gluaiseachtaí neamhthráchtála na bpeataí a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24), de, is é sin peataí madraí, cat agus firéad, a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, lena n-áirítear ráthaíochtaí i scríbhinn arna soláthar ag an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 12(1), pointe (a), de (na ráthaíochtaí i scríbhinn).

(2) Go háirithe, in Airteagal 12(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2023/1231 déantar foráil go mbeidh doiciméad um thaisteal le peataí, arna bhailíochtú ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, agus dearbhú sínithe ón úinéir nó ó dhuine údaraithe, ina luaitear nach n-aistreofar na peataí ó Thuaisceart Éireann go Ballstát (an dearbhú), ag gabháil le peataí a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe.

(3) Tá na ráthaíochtaí i scríbhinn ann chun a áirithiú nach méadaíonn peataí a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe an riosca do shláinte ainmhithe ar oileán na hÉireann agus nach ndéanann siad difear do stádas sláintíochta oileán na hÉireann, agus nach méadaíonn siad an riosca do shláinte an phobail agus do shláinte ainmhithe sa mhargadh inmheánach agus nach mbaineann siad an bonn de shláine an mhargaidh inmheánaigh. Tá siad ann chun a áirithiú freisin go ndéanann údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe gníomhaíocht éifeachtach chun maolú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an bhféidearthacht go n-aistreofaí na peataí sin ó Thuaisceart Éireann go Ballstát, arna fhianú trí fhaisnéis maidir leis na nósanna imeachta oifigiúla chun cinneadh a dhéanamh cé na bearta atá le déanamh i gcás neamh-chomhlíontachta.

(4) Ina theannta sin, tá na ráthaíochtaí i scríbhinn ann chun a áirithiú go gcuireann údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe ceanglais i bhfeidhm a bhaineann le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí isteach sa Ríocht Aontaithe chun a stádas sláinte ainmhithe a chosaint, agus go ndéanann siad seiceálacha éifeachtacha doiciméadachta agus céannachta ar pheataí a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe; go gcuireann siad córas luathbhraite agus luathfhógra chun feidhme le haghaidh ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* in ainmhithe óstacha cinntitheacha fiáine, agus go dtugann siad fógra láithreach don Choimisiún faoi aon bhrath den sórt sin; agus go ndéanann siad córas luathbhraite agus luathfhógra maidir le hionfhabhtú confaidh a chur chun feidhme i ndáil le hainmhithe ar coimeád agus fiáine atá soghabhálach, agus go dtugann siad fógra láithreach don Choimisiún faoi aon amhras nó faoi aon bhrath maidir le hionfhabhtú confaidh.

([1]) IO L 165, 29.6.2023, lch. 103, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1231/oj.

(5) Sa litir uaithi an 15 Aibreán 2025 (an litir), luann an Ríocht Aontaithe nach méadaíonn peataí madraí, cat agus firéad a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe an riosca do shláinte ainmhithe ar oileán na hÉireann agus nach ndéanann siad difear do stádas sláintíochta oileán na hÉireann, agus nach méadaíonn siad an riosca do shláinte an phobail agus do shláinte ainmhithe sa mhargadh inmheánach agus nach mbaineann siad an bonn de shláine an mhargaidh inmheánaigh. Sa litir uaithi, soláthraíonn an Ríocht Aontaithe faisnéis freisin maidir leis na nósanna imeachta oifigiúla atá i bhfeidhm i gcás neamh-chomhlíontachta ionas go ndéanfaidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe gníomhaíocht éifeachtach chun maolú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an bhféidearthacht go n-aistreofaí peataí ó Thuaisceart Éireann go Ballstát.

(6) Ina theannta sin, luann an Ríocht Aontaithe freisin sa litir uaithi go gcuireann sí ceanglais i bhfeidhm a bhaineann le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí isteach sa Ríocht Aontaithe chun a stádas sláinte ainmhithe a chosaint, agus go ndéanfaidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe seiceálacha éifeachtacha doiciméadachta agus céannachta ar pheataí a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe ón 4 Meitheamh 2025 ar aghaidh. Sa litir, luann an Ríocht Aontaithe an méid seo a leanas freisin: (a) cuirfidh sí córas luathbhraite agus luathfhógra chun feidhme maidir le hionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* in ainmhithe óstacha cinntitheacha fiáine ón 4 Meitheamh 2025 ar aghaidh; (b) tabharfaidh a húdaráis inniúla fógra don Choimisiún láithreach faoi aon bhrath den sórt sin; (c) cuirfidh sé córas luathbhraite agus luathfhógra chun feidhme maidir le hionfhabhtú confaidh i ndáil le hainmhithe ar coimeád agus ainmhithe fiáine soghabhálacha ón 4 Meitheamh 2025 ar aghaidh; agus (d) tabharfaidh a húdaráis inniúla fógra don Choimisiún láithreach faoi aon amhras nó faoi aon bhrath maidir le hionfhabhtú confaidh.

(7) Ós rud é go bhfuil na ráthaíochtaí i scríbhinn soláthartha ag an Ríocht Aontaithe sa litir uaithi, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis atá le cur isteach sa doiciméad um thaisteal le peataí, agus maidir le hábhar an dearbhaithe.

(8) Ba cheart faisnéis lenar féidir an peata agus a úinéir a shainaithint, go háirithe, a bheith sa doiciméad um thaisteal le peataí agus ba cheart d'ionadaí ó údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe a eisíonn an doiciméad um thaisteal le peataí é a shíniú, chun comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12(1), pointí (c) agus (d), de Rialachán (AE) 2023/1231 a dheimhniú. Ba cheart faisnéis a bheith sa dearbhú ó úinéir an pheata nó ón duine údaraithe, faisnéis trínar féidir an peata agus a úinéir nó an duine atá údaraithe chun taisteal leis an bpeata sin a shainaithint, chomh maith le gealltanas nach n-aistreofar an peata a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe ó Thuaisceart Éireann go Ballstát ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2023/1231.

(9) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun cur isteach neamhriachtanach ar theacht isteach peataí i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(10) Sna ráthaíochtaí i scríbhinn dá bhforálann an Ríocht Aontaithe luaitear go gcomhlíonfar na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/1231 ón 4 Meitheamh 2025 ar aghaidh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm [chúlghabhálach] a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin. Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le bheith sa doiciméad um thaisteal le peataí i gcás gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, agus rialacha maidir le hábhar an dearbhaithe arna shíniú ag an úinéir nó ag duine údaraithe (an dearbhú) dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2023/1231.

Airteagal 2

Faisnéis atá le bheith sa doiciméad um thaisteal le peataí

Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméad um thaisteal le peataí:

(a) suíomh an trasfhreagróra, dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1231, agus dáta an ionchlannaithe sa pheata nó an dáta a léitear an trasfhreagróir, chomh maith leis an gcód alfa-uimhriúil uathúil a thaispeántar air;

(b) an t-ainm, an speiceas, pór, inscne, dath, dáta breithe arna lua ag an úinéir agus gnéithe nó tréithe tábhachtacha nó sainiúla ar bith an pheata;

(c) ainm, sonraí teagmhála agus síniú an úinéara;

(d) ainm, sonraí teagmhála agus síniú ionadaí ó údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe a eisíonn an doiciméad um thaisteal le peataí;

(e) uimhir an doiciméid um thaisteal le peataí ina bhfuil cód ISO na Ríochta Aontaithe, agus cód alfa-uimhriúil uathúil ina dhiaidh sin.

Airteagal 3

Faisnéis atá le bheith sa dearbhú

Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa dearbhú:

(a) ainm agus síniú an úinéara nó an duine atá údaraithe i scríbhinn ag an úinéir i dtaca le gluaiseacht neamhthráchtála an pheata a dhéanamh thar ceann an úinéara;

(b) an áit agus dáta eisiúna;

(c) an cód alfa-uimhriúil uathúil a thaispeántar ar an trasfhreagróir chun gach peata a shainaithint;

(d) uimhir an doiciméid um thaisteal le peataí a ghabhann le gach peata;

(e) gealltanas ón úinéir nó ón duine údaraithe nach n-aistreofar an peata a thagann isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe ó Thuaisceart Éireann go Ballstát ina dhiaidh sin.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 4 Meitheamh 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN